*Uimhir* 11 *de* 2022

# An tAcht Árachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 11 *de* 2022

# AN tACHT ÁRACHAIS (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR


CUID 1

Forálacha Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Mínithe

CUID 2

Leasú ar Acht 2018

3. Leasú ar alt 4 d'Acht 2018
4. Leasú ar alt 8 d'Acht 2018

CUID 3

Tuarascáil maidir le Bearta Árachais

5. Léiriú (Cuid 3)
6. Tuarascáil Bhanc Ceannais na hÉireann maidir le bearta árachais

CUID 4

Leasú ar Acht 2019 agus ar Acht an Bhainc Cheannais, 1942

7. Leasú ar alt 16 d'Acht 2019
8. Dualgais maidir le nochtadh
9. Leasú ar alt 18 d'Acht 2019
10. Leasú ar Acht an Bhainc Cheannais, 1942

CUID 5

Leasú ar Rialacháin 2015

11. Leasú ar Rialacháin 2015

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht an Bhainc Ceannais (Bunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh), 2018 (Uimh. 42)

Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Uimh. 22)

An tAcht um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí, 2019 (Uimh. 53)

An tAcht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 (Uimh. 37)

An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)

*Uimhir* 11 *de* 2022

**AN tACHT ÁRACHAIS (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2022**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht dá chumasú do Bhanc Ceannais na hÉireann faisnéis áirithe a bhailiú maidir le gnóthais árachais do dhéanamh asbhaintí as méideanna arna n-íoc mar shásamh in éilimh agus, chun na críche sin, do leasú Acht an Bhainc Ceannais (Bunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh), 2018; do dhéanamh socrú maidir le Banc Ceannais na hÉireann d'ullmhú tuarascála faoi chleachtais áirithe de chuid gnóthais árachais maidir le praghsáil; do leasú an dlí a bhaineann le dualgais fhrithpháirteacha i leith nochtadh i ndáil le faisnéis a thacaíonn le bailíocht éileamh árachais nó a dhéanann dochar don chéanna, do dhéanamh socrú maidir le gnóthais árachais do nochtadh faisnéise i ndáil le hasbhaintí as méideanna arna n-íoc mar shásamh in éilimh agus do leasú an dlí i ndáil le heisiaimh ó chonarthaí árachais agus, chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí, 2019; do leasú Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015, maidir le gnóthais, arna n-údarú sa Ríocht Aontaithe nó i nGiobráltar, a sheolann gnó athárachais nó atá faoi réir imeachtaí foirceanta nó bearta atheagrúcháin; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [27 *Meitheamh* 2022]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

CUID 1

Forálacha Ginearálta

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**1.** (1) Féadfar an tAcht Árachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

**Mínithe**

**2.** San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 2018" Acht an Bhainc Ceannais (Bunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh), 2018;

ciallaíonn "Acht 2019" an tAcht um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí, 2019;

ciallaíonn "Aire" an tAire Airgeadais;

ciallaíonn "Rialacháin 2015" Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Atharáchas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015).

CUID 2

Leasú ar Acht 2018

**Leasú ar alt 4 d'Acht 2018**

**3.** Leasaítear alt 4 d'Acht 2018, i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

> "ciallaíonn 'airgead poiblí' airgead arna mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis nó arna eisiúint as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis nó arna sholáthar ag an Oireachtas;".

**Leasú ar alt 8 d'Acht 2018**

**4.** Leasaítear alt 8 d'Acht 2018, i bhfo-alt (4), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

> "(e) mionsonraí i dtaobh na gcostas arna n-íoc agus na soláthairtí arna ndéanamh i ndáil le déileáil le héilimh iomchuí, lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh asbhaintí, i leith íocaíochtaí as airgead poiblí, arna ndéanamh ag gnóthais árachais as na méideanna arna n-íoc mar shásamh in éilimh iomchuí;".

CUID 3

Tuarascáil maidir le Bearta Árachais

**Léiriú (*Cuid 3*)**

**5.** Sa Chuid seo—

ciallaíonn "Banc" Banc Ceannais na hÉireann;

ciallaíonn "tomhaltóir" duine nádúrtha, sa Stát, atá ag gníomhú go hiomlán nó go formhór chun críoch nach bhfuil baint acu le trádáil, gnó nó gairm an duine;

ciallaíonn "árachas tí" árachas i leith na bpriacal atá aicmithe faoi aicmí 8 agus 9 i gCuid 1 de Sceideal 1 a ghabhann le Rialacháin 2015;

tá le "idirghabhálaí árachais" an bhrí chéanna atá leis i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dáileadh Árachais), 2018 (I.R. Uimh. 229 de 2018);

tá le "gnóthas árachais" an bhrí chéanna atá leis i gCuid 4 den Acht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015;

ciallaíonn "árachas gluaisteán" árachas i leith na bpriacal atá aicmithe faoi aicmí 1(d), 3, 7 agus 10 i gCuid 1 de Sceideal 1 a ghabhann le Rialacháin 2015;

tá le "árachas neamhshaoil" an bhrí chéanna atá leis i Rialacháin 2015;

ciallaíonn "conradh árachais neamhshaoil" conradh arna dhéanamh ag tomhaltóir le gnóthas árachais nó le hidirghabhálaí árachais i leith árachas neamhshaoil;

ciallaíonn "conradh árachais iomchuí" conradh arna dhéanamh ag tomhaltóir le gnóthas árachais nó le hidirghabhálaí árachais i leith árachas tí nó árachas gluaisteán, lena n-áirítear i gcás go ndéantar foráil sa chonradh sin maidir le hárachas i leith priacal seachas na priacail sin dá dtagraítear sa mhíniú ar árachas tí nó ar árachas gluaisteán, de réir mar a bheidh.

**Tuarascáil Bhanc Ceannais na hÉireann maidir le bearta árachais**

**6.** (1) Déanfaidh an Banc, laistigh de 6 mhí ó chothrom bliana dháta thosach feidhme an ailt seo, tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire ina sonrófar na nithe seo a leanas:

(a) tuairimí an Bhainc i ndáil le formhaoirsiú ar chleachtais phraghsála gnóthas árachais agus idirghabhálaithe árachais a bhaineann le conarthaí árachais iomchuí;

(b) na bearta, más ann, a bheidh curtha i ngníomh ag an mBanc sa tréimhse iomchuí i leith an chleachtais ar dá réir is airde an praghas a thairgeann gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais do thomhaltóir i leith an dara hathnuachan nó athnuachan dá éis sin ar chonradh árachais iomchuí ná an praghas a thairgfeadh an gnóthas árachais nó an t-idirghabhálaí árachais, de réir mar a bheidh, don tomhaltóir dá mbeadh an conradh á athnuachan ag an tomhaltóir den chéad uair;

(c) na bearta, más ann, a bheidh curtha i ngníomh ag an mBanc sa tréimhse iomchuí i leith an chleachtais ar dá réir a dhéantar conarthaí árachais neamhshaoil a athnuachan go huathoibríoch ag deireadh a dtéarma;

(d) tátail an Bhainc i dtaobh ar cheart bearta nó bearta breise, de réir mar a bheidh, a chur i ngníomh i leith na gcleachtas go léir dá dtagraítear i *míreanna (a)*, *(b)* agus *(c)*, nó i leith aon cheann de na cleachtais sin, agus an bunús atá leis na tátail sin.

(2) Déanfaidh an tAire cóip de thuarascáil a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis í a fháil.

(3) San alt seo, ciallaíonn "tréimhse iomchuí" an tréimhse ó dháta thosach feidhme an ailt seo go dtí an dáta a chuirfear an tuarascáil faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (1)*.

CUID 4

LEASÚ AR ACHT 2019 AGUS AR ACHT AN BHAINC CHEANNAIS, 1942

**Leasú ar alt 16 d'Acht 2019**

**7.** Leasaítear alt 16 d'Acht 2019 trí fho-alt (10) a scriosadh.

**Dualgais maidir le nochtadh**

**8.** Leasaítear Acht 2019 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 16:

**"Dualgais fhrithpháirteacha maidir le nochtadh le linn éilimh a láimhseáil**

**16A.** (1) Más rud é, tar éis do thomhaltóir éileamh a dhéanamh, go dtiocfaidh an tomhaltóir nó an t-árachóir lena mbaineann ar an eolas faoi fhaisnéis (lena n-áirítear faisnéis neamhfhíorasach) a thacódh le bailíocht an éilimh nó a dhéanfadh dochar do bhailíocht an éilimh—

(a) i gcás go mbeidh an tomhaltóir tar éis teacht ar an eolas faoin bhfaisnéis, nochtfaidh an tomhaltóir an fhaisnéis don árachóir, agus

(b) i gcás go mbeidh an t-árachóir tar éis teacht ar an eolas faoin bhfaisnéis, nochtfaidh an t-árachóir an fhaisnéis don tomhaltóir.

(2) I gcás go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfo-alt (1) ar áireamh i dtuarascáil arna hullmhú chun críoch imeachtaí sibhialta a bheidh ar feitheamh nó a bheidh beartaithe—

(a) beidh feidhm ag an bhfo-alt sin d'ainneoin aon achtachán nó riail dlí ar dá bhua nó dá bua a bheadh an tuarascáil faoi réir pribhléid dlíthíochta thairis sin, agus

(b) déanfaidh an tomhaltóir nó an t-árachóir, de réir mar a bheidh, a gheobhaidh an tuarascáil, an tuarascáil a nochtadh laistigh de 60 lá ón dáta a gheofar í.

(3) Ní dhéanfaidh an t-alt seo difear d'oibriú aon achtacháin nó rialach dlí ar dá bhua nó dá bua—

(a) atá tuarascáil arna hullmhú ag dlíodóir, nó

(b) atá cumarsáid idir dlíodóir agus duine eile,

faoi phribhléid.

(4) San alt seo—

ciallaíonn 'éileamh' éileamh arna dhéanamh faoi chonradh árachais;

ciallaíonn 'tuarascáil' tuarascáil, litir nó ráiteas—

(a) i bhfoirm dhréachta nó i bhfoirm dheiridh,

(b) i bhfoirm fhisiciúil nó i bhfoirm leictreonach,

(c) arna hullmhú nó arna ullmhú ag cuntasóir, achtúire, ailtire, fiaclóir, dochtúir, innealtóir, teiripeoir ceirde, síceolaí, síciatraí, eolaí, nó saineolaí eile,

(d) agus—

(i) a bheidh faighte ag tomhaltóir nó ag árachóir, nó thar a cheann nó thar a ceann, chun bailíocht éilimh a mheasúnú, nó

(ii) ina mbeidh faisnéis a thacaíonn le héileamh nó a dhéanann dochar d'éileamh,

agus

(e) a bheidh faighte ag an tomhaltóir nó ag an árachóir lena mbaineann,

agus folaíonn sé aon léarscáileanna, líníochtaí, grianghraif, graif, cairteacha, ríomhaireachtaí nó ní eile den tsamhail sin dá dtagraítear in aon tuarascáil, litir nó ráiteas den sórt sin.

**Asbhaintí as socraíocht éilimh a nochtadh**

**16B.** (1) I gcás go ndearna árachóir aon mhéid a asbhaint as socraíocht éilimh, lena n-áirítear i gcás gur asbhaint i leith méideanna a íocadh as airgead poiblí le héilitheoir an asbhaint (seachas asbhaintí i leith íocaíochtaí ar íocadh méid comhréireach leis an Aire Coimirce Sóisialaí de réir Chuid 11B den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 i ndáil leo), tabharfaidh an t-árachóir fógra don éilitheoir á rá go ndearnadh méid a asbhaint amhlaidh.

(2) Maidir leis an bhfógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(a) sonrófar ann méid na hasbhainte,

(b) sonrófar ann an chúis go ndearnadh an méid sin a asbhaint as an tsocraíocht éilimh, agus

(c) soláthrófar é don éilitheoir ar pháipéar nó ar mheán buanfasach eile.

(3) San alt seo—

ciallaíonn 'éilitheoir' tomhaltóir a mbeidh éileamh déanta aige nó aici faoi chonradh árachais iomchuí;

ciallaíonn 'socraíocht éilimh' an méid is iníoctha le héilitheoir i leith éileamh faoi chonradh árachais iomchuí, sula ndéanfaidh an t-árachóir aon asbhaint, cibé acu de réir an chonartha sin nó ar shlí eile;

ciallaíonn 'airgead poiblí' airgead arna mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis nó arna eisiúint as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis nó arna sholáthar ag an Oireachtas;

ciallaíonn 'conradh árachais iomchuí' conradh árachais i leith árachas neamhshaoil.".

**Leasú ar alt 18 d'Acht 2019**

**9.** Leasaítear alt 18 d'Acht 2019, i bhfo-alt (4)—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

"(a) I gcás go mbeidh i gconradh árachais, faoinar comhárachaithe 2 thomhaltóir nó níos mó, téarma nó coinníoll lena n-eisiatar cumhdach ar chaillteanas nó damáiste do mhaoin arb é is cúis leis gníomh nó neamhghníomh coiriúil nó d'aon ghnó ar thaobh comhárachaí, ní bheidh feidhm ag an eisiamh ach amháin maidir le héileamh ó thomhaltóir—

(i) arbh é a ghníomh nó a gníomh nó a neamhghníomh ba chúis leis an gcaillteanas nó leis an damáiste,

(ii) a neartaigh leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh nó a d'oibrigh i gclaonpháirt chun an gníomh nó an neamhghníomh a dhéanamh, nó

(iii) a thoiligh leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh agus arbh eol dó nó di nó ar cheart gurbh eol dó nó di go dtiocfadh an caillteanas nó an damáiste as an ngníomh nó as an neamhghníomh.",

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) Ní léireofar aon ní i mír (a) mar ní—

(i) lena gceadófar do dhuine a bhfuil a mhaoin nó a maoin árachaithe faoin gconradh árachais níos mó ná leas comhréireach an duine sin sa mhaoin ar bhain caillteanas nó damáiste di a ghnóthú, nó

(ii) lena ndéanfar difear d'oibriú téarma nó coinníll sa chonradh árachais lena n-eisiatar cumhdach ar chaillteanas nó damáiste do mhaoin arb é is cúis leis cogadh, gníomh sceimhlitheoireachta, ionsaí núicléach nó cibirionsaí.",

agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

"(d) Chun críocha mhír (a), is comhárachaí faoi chonradh árachais gach tomhaltóir de 2 thomhaltóir nó níos mó i gcás, maidir le gach tomhaltóir de na tomhaltóirí sin—

(i) go bhfuil leas aige nó aici sa mhaoin árachaithe, agus

(ii) go bhfuil sé nó sí faoi árachas i gcoinne caillteanas nó damáiste don mhaoin árachaithe.".

**Leasú ar Acht an Bhainc Cheannais, 1942**

**10.** (1) Leasaítear Acht an Bhainc Cheannais, 1942, i gCuid 1 de Sceideal 2, tríd an ítim seo a leanas a chur in ionad ítim 47:

“

| | | | |
|---|---|---|---|
| 47 | Uimh. 53 de 2019 | An tAcht um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí, 2019 | Ailt 10, 11, 12, 13, 14, 16, 16A agus 16B (lena n-áirítear na hailt sin arna modhnú le *halt 10(2)* agus *(3)* den *Acht Árachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022)* |

”.

(2) Maidir leis an leasú a dhéantar ar Acht an Bhainc Cheannais, 1942 le *fo-alt (1)*, agus maidir leis an leasú sin amháin, agus ionas nach ndéanfar difear d’oibriú an dlí ghinearálta a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, áit a bhfuil tagairt in alt 10, 11, 12, 13, 14, 16, 16A nó 16B d’Acht 2019 do “árachóir”, déanfar an tagairt sin, i gcás go mbeidh idirghabhálaí árachais ag gníomhú thar ceann árachóra, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt don idirghabhálaí árachais.

(3) Is éard é an dlí ginearálta dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* an dlí ginearálta trína meastar gur gníomh nó neamhghníomh arna dhéanamh ag árachóir é gníomh nó neamhghníomh arna dhéanamh ag gníomhaire, amhail idirghabhálaí árachais, thar ceann an árachóra.

(4) San alt seo, tá le “árachóir” agus le “idirghabhálaí árachais” na bríonna céanna atá leo in Acht 2019.

## CUID 5

### Leasú ar Rialacháin 2015

**Leasú ar Rialacháin 2015**

**11.** Leasaítear Rialacháin 2015—

(a) i Rialachán 13A—

(i) i mír (1)—

(I) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (a):

“(a) go raibh an duine—

(i) díreach roimh an dáta iomchuí, údaraithe mar ghnóthas árachais, de réir bhrí na Treorach, faoi dhlí na Ríochta Aontaithe nó Ghiobráltar lena dtugtar éifeacht don Treoir, nó

(ii) roimh an dáta iomchuí, údaraithe mar ghnóthas árachais, de réir bhrí na Treorach, faoi dhlí na Ríochta Aontaithe nó Ghiobráltar lena dtugtar éifeacht don Treoir, ach gur tarraingíodh siar údarú an duine sin roimh an dáta iomchuí mar thoradh ar thosach imeachtaí foirceanta nó beart atheagrúcháin i gcás go mbeidh na himeachtaí foirceanta nó na bearta atheagrúcháin sin, an dáta iomchuí, ag leanúint ar aghaidh;”,

agus

(II) i bhfomhír (c), tríd an gclásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (ii):

“(ii) tar éis an dáta sin, maidir le gnó árachais sa Stát, go riarann sé a phunann láithreach go heisiach d’fhonn a ghníomhaíocht sa Stát a thabhairt chun críche;”,

(ii) i mír (2), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (a):

“(a) a chomhlíonann ceachtar de na coinníollacha a thuairiscítear i bhfomhír (a) de mhír (1), agus”,

agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (5):

“(5) Maidir le duine lena mbaineann an Rialachán seo—

(a) i gcás go mbeidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an duine den chéad uair roimh an dáta a thiocfaidh *alt 11* den *Acht Árachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022* i ngníomh, déanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 3 mhí ón dáta iomchuí, fógra a thabhairt don Bhanc i dtaobh fheidhm an Rialacháin seo maidir leis an duine sin, agus

(b) i gcás go mbeidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an duine den chéad uair an dáta a thiocfaidh *alt 11* den *Acht Árachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022* i ngníomh nó dá éis, déanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 3 mhí ón dáta a mbeidh feidhm den chéad uair ag an Rialachán seo maidir leis an duine, fógra a thabhairt don Bhanc i dtaobh fheidhm an Rialacháin seo maidir leis an duine sin.”,

agus

(b) i Rialachán 13B—

(i) i mír (1), trí “faoi réir mhír (3) agus na modhnuithe a shonraítear i mír (2)” a chur in ionad “faoi réir na modhnuithe a shonraítear i mír (2)”,

(ii) i mír (2)(a)—

(I) tríd an gclásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (i):

“(i) Rialacháin 13, 14 agus 15;”,

(II) tríd an gclásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (xvii):

“(xvii) Rialacháin 215 go 299;”,

agus

(III) trí chlásal (xviii) a scriosadh,

agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (2):

“(3) I gcás go seolann duine lena mbaineann Rialachán 13A gnó atharáchais sa Stát, ní bheidh feidhm ag na Rialacháin seo maidir leis an ngnó atharáchais sin.”.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

Wt. —. 42. 4/23. MM Packaging. (96720). Gr.30-15.

9 781399 306331